2013. M91T CS

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# Gairmchlár na hArdteistiméireachta

## Nascmhodúil

## Cás-staidéar 2013

**AXEL COMPUTERS**

Corparáid thrasnáisiúnta Mheiriceánach is ea Axel Computers. Tá ionad déantúsaíochta acu i gClárach ó bhí 1991 ann. Déantar comhpháirteanna do ríomhairí deisce sa mhonarcha seo i gClárach. Is é an fostóir is mó atá sa bhaile seo é ó thosach na 1990idí i leith.

Is lú an t-éileamh atá ar ríomhairí móra deisce le blianta beaga anuas ó d'fhás an t-éileamh ar ríomhairí glúine, ar ríomhairí táibléid agus ar fhóin chliste. Dá bhrí sin, tá líon oibrithe Axel Computers i gClárach tite go dtí 500 duine i gcomparáid le 1,300 duine ag an am ba mhó táirgeadh i1995.

Sa bhliain 2012, d'fhógair príomhoifig Axel Computers i Meiriceá go ndúnfar an mhonarcha i gClárach i mí Iúil 2013. Ní nach ionadh, tá an-imní ar an bhfoireann oibre agus ar an lucht gnó áitiúil faoi seo. Cé nach bhfuil Axel Computers chomh tábhachtach anois don phobal agus a bhíodh, is é an príomhfhostóir sa bhaile seo fós é.

Tá sé beartaithe ag Comhlachas Trádála Chláraigh agus ag Comhairle Bhaile Chláraigh teacht le chéile agus 'Plean Gníomhaíochta' a dhéanamh amach chun déileáil le dúnadh na monarchan. Tá súil acu go dtiocfaidh siad ar smaointe agus ar straitéisí a laghdóidh, a oiread agus is féidir, an drochthionchar a bheidh ag dúnadh na monarchan ar an mbaile. Cuirfear béim ar chruthú fostaíochta, ar thraenáil a chur ar fáil, agus ar fhiontraíocht phobail a fhorbairt. Is é an chéad rud a bheidh le déanamh acu dul i dteagmháil leis na gníomhaireachtaí rialtais cuí agus tacaíocht a lorg uathu sin. Tá cruinniú eagraithe sa bhaile chun deis a thabhairt don phobal áitiúil a dtuarimí a nochtadh faoi na moltaí.

Tá Marc Ó Riain ag obair le hAxel Computers ó d'fhág sé an scoil dhá bhliain déag ó shin. Ar an líne chóimeála a thosaigh sé ag obair agus tháinig sé aníos de réir a chéile go dtí an post atá aige faoi láthair, is é sin 'Teicneoir Déantúsaíochta'. Ghlac sé páirt in imeacht na mblianta sin ina oiread deiseanna traenála agus cúrsaí agus a thiocfadh leis. Is é an obair is deireanaí a bhí le déanamh aige ná micreaphróiseálaithe a chur isteach i ríomhairí pearsanta. Dála gach ball eile d'fhoireann an ghnólachta déanta ríomhairí seo, tá an-imní air faoina bhfuil i ndán dó. Tá sé buartha go mbeidh sé níos deacra aige post a fháil, agus cúrsaí eacnamaíochta mar atá faoi láthair, ós rud nach bhfuil cáilíocht tríú leibhéal aige ná mórán taithí oibre d'aon chineál eile.

Gheobhaidh Marc pacáiste maith iomarcaíochta tar éis a dhá bhliain déag ag obair d'Axel Computers. Tá sé ag smaoineamh ar an airgead sin a úsáid chun cáilíocht fhoirmiúil a bhaint amach. Tá tionscal na Teicneolaíochta Faisnéise (IT) láidir fós in Éirinn ach is maith is eol do Mharc gur i bhforbairt bogearraí atá na comhlachtaí móra IT ag obair. Ba mhaith leis cáilíocht oiriúnach a bhaint amach i bhForbairt agus Innealtóireacht Bogearraí Ríomhaireachta ach níl sé cinnte conas an t-eolas a fháil faoi na cúrsaí tríú leibhéal cuí.

Chun cabhrú lena chuid oibrithe iad féin a ullmhú le fostaíocht nua a lorg, tá socruithe déanta ag Axel Computers dóibh le dul i gcomhairle le saineolaithe earcaíochta. Cuirfidh na comhairleoirí gairmiúla seo comhairle orthu maidir le Curriculum Vitae a ullmhú agus cabhróidh siad le gach duine acu a straitéis féin a dhéanamh d'fhonn fostaíocht nua a fháil. Féachfaidh Axel freisin le tacaíocht a eagrú d'aon oibrí acu atá ag iarraidh a g(h)nó féin a bhunú.